



**LAW REFORM**  
COMMISSION/COIMISIÚN UM  
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

# **TUARASCÁIL BLIANTÚIL 2018**

---

## CLÁR ÁBHAIR

---

|  |           |
|--|-----------|
| <b>RÉAMHRÁ ÓN gCOIMISIÚN ATHCHÓIRITHE DLÍ</b>  | <b>3</b>  |
| <b>AGUS FOIREANN</b>   | <b>5</b>  |
| <b>CAIBIDIL 1</b>  | <b>7</b>  |
| <b>TÚS ÁITE</b>  |           |
| Forléargas ar obair an Choimisiúin in 2018   | 7         |
| Feidhmeanna an Choimisiúin   | 8         |
| Ráiteas Straitéiseach 2018-2020  | 9         |
| Modhanna Oibre agus Próiseas Comhairleoireachta  | 10        |
| <b>CAIBIDIL 2</b>  | <b>13</b> |
| <b>ATHCHÓIRIÚ DLÍ: OBAIR AR AN gCEATHRÚ CHLÁR AGUS IARRATAIS AN ATURNAE; AGUS REACHTAÍOCHT A CHUR I bhFEIDHM</b> |           |
| Forléargas   | 13        |
| Athbhreithniú mionsonraithe ar obair an Choimisiúin agus cur i bhfeidhm i 2018                                   | 15        |
| Cúirteanna, Dlí Poiblí agus Forfheidhmiú Rialála   | 15        |
| Dlí agus Nós Imeachta Cóiriúil   | 18        |
| Dlí Sibhialta agus Tráchtála   | 19        |
| Dlí Talún, Comharbas agus Trustaí  | 19        |
| Dlí Teaghlaigh   | 20        |
| Dlí Idirnáisiúnta um Sheirbhísí Sláinte  | 20        |
| <b>CAIBIDIL 3</b>  | <b>22</b> |
| <b>ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT</b>  |           |
| Réamhrá  | 22        |
| Eolaire Reachtaíochta  | 22        |
| Achtanna Athbhreithnithe   | 23        |
| Liosta Aicmithe Reachtaíochta  | 24        |
| Tionscnamh Athbhreithnithe Roimh Reachta 1922  | 24        |
| <b>CAIBIDIL 4</b>  | <b>26</b> |
| <b>RIARACHÁN</b>   |           |
| Réamhrá  | 26        |
| An Coimisiún   | 26        |
| An Coiste Bainistíochta  | 26        |
| Foireann Riaracháin  | 27        |
| Foireann Taighde agus Leabharlainne  | 27        |
| Maoiniú  | 28        |
| Socrúcháin Rialachais  | 28        |
| Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí an Stáit   | 29        |
| Éifeachtacht Fhuinnimh   | 30        |
| An tAcht um Shaoráil Faisnéise   | 30        |
| An tAcht um Nochtuithe Cosanta   | 31        |
| <b>Aguisín 1</b>   |           |
| Cairt Eagraíochta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí in 2018  | 32        |
| <b>Aguisín 2</b>   | <b>33</b> |
| Rogha Ócáidí ar an gCoimisiún Athchóirithe Dlí in 2018   |           |
| <b>Aguisín 3</b>   | <b>35</b> |
| Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais ar an gCoimisiún Athchóirithe Dlí 2018                                      |           |

## AN COIMISIÚN ATHCHÓIRITHE DLÍ AGUS FOIREANN

---

### AN COIMISIÚN

---

Comhdhéanann an Coimisiún Athchóirithe Dlí 5 bhall, an tUachtarán agus 4 Choimisinéir eile.<sup>1</sup> In 2018, is mar a leanas a bhí na baill:

**An Breitheamh Onórach John Quirke (go 27 Mheán Fómhair 2018) An Breitheamh Onórach Mary Laffoy (ó 9 Dheireadh Fómhair 2018) An tUachtarán**

**Raymond Byrne BL**  
Coimisinéir

**Donncha O’Connell**, Ollamh Dlí Bunaithe, Scoil Dlí, Coimisinéir OÉ Gaillimh

**Tom O’Malley BL**, Leachtóir Sinsearach, Scoil Dlí, Coimisinéir OÉ Gaillimh

**An Breitheamh Onórach Carmel Stewart**  
Coimisinéir

---

### FOIREANN TAIGHDE AN CHOIMISIÚIN

---

**Stiúrthóir Taighde:**  
An tOllamh Ciarán Burke

**Leas-Stiúrthóir Taighde:**  
Robert Noonan (ó 1 Mheithimh 2018)

**Bainisteoir Rochtana ar Reachtaíocht:**  
Alma Clissmann

**Leas-Bhainisteoir Rochtana ar Reachtaíocht:**  
Kate Doran

**Bainisteoir Tionscadail Ionstraim Reachtúla um Rochtain ar Reachtaíocht**  
Fiona Carroll

**Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise:**  
Órla Gillen

---

### TAIGHDEOIRÍ DLÍ<sup>2</sup>

---

Emma Barry, Hanna Byrne, Leanne Caulfield, Éire Dempsey, Liam Dempsey, Ciara Dowd, James Egleston, Niall Fahy, Ivan Gramatikov, Morgane Hervé, Finn Keyes,

---

<sup>1</sup> Ar théarmaí ceapacháin 5 bhall an Choimisiúin, féach Caibidil 4, thíos.

<sup>2</sup> Ní raibh gach taighdeoirí dlí fostaithe don bhliain féilire iomlán.

Ciaran Murray, Jack Nea, Niamh Ní Leathlobhair, Robert Noonan, Claire O'Connell, Rebecca O'Sullivan, Suzanne Scott.

---

FOIREANN RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN<sup>3</sup>

---

**Ceannaire Riaracháin:**

Deirdre Fleming (go 30 Mheán Fómhair 2018)  
Bríd Rogers (ó 8 Dheireadh Fómhair 2018)

**Oifigigh Feidhmiúcháin:**

Brendan Meskell  
David Field

**Oifigigh Cléiriúla:**

Roslyn Dalton  
Gavin Walsh

---

<sup>3</sup> Ní raibh gach ball na foirne riaracháin fostaithe don bhliain féilire iomlán.

## RÉAMHRÁ

Thar ceann an Choimisiúin Athchóirithe Dlí, tá áthas orm ár dTuarascáil Bliantúil do 2018 a chur ar fáil.

Le linn 2018, rinne an Coimisiún a thuilleadh dul chun cinn suntasach i dtreo críochnaithe ár gCeathrú Chlár Athchóirithe Dlí. Tá srath cruinnithe comhairleoireachta críochnaithe againn freisin ar fud na tíre ag lorg tuairimí ar na tionscnaimh ar féidir leo a bheith inár gCúigiú Chlár Athchóirithe Dlí. Thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom mo mhíle buíochas a léiriú dóibh a sheol iarratais chuig an gCoimisiún maidir le tionscnaimh a mhol siad chun ionchuimsithe. De réir gá, ní raibh gach rud curtha leis an gClár.

Ina dhiaidh sin, sheol an Coimisiún dréacht ar Chúigiú Chlár, le 15 tionscnamh, chuig an Ard-Aighne. Rinne Coiste Comhairleoireachta an Ard-Aighne tagairt do dhréacht an Chláir, a thug faomhadh d'inneachar an 15 tionscnamh ar dhréacht an Chláir. I mí na Samhna 2018, rinne an Rialtas tagairt do dhréacht an Chláir chuig Comh-choiste an Oireachtais ar Cheartas agus Comhionannas, a mhol dréacht an Chláir i mí Eanáir 2019, agus ar an 20 Márta 2019 thug an Rialtas faomhadh foirmiúil don Chlár i gcomhréir leis an *Acht an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975*.

Le linn na bliana, d'fhoilsigh an Coimisiún freisin Páipéir Buncheisteanna chomh maith le ceann de na Tuarascálacha is fadréimseach ina stair.

Chríochnaigh an *Tuarascáil ar Chumhachtaí Rialála agus Coireanna Corparáideacha* obair ar an tionscnamh is mó sa *Cheathrú Chlár Athchóirithe Dlí*. Tá os cionn 200 moladh ann i gcomhair a thuilleadh athchóirithe ar chumhachtaí rialála agus coireanna corparáideacha. Áirítear leo sin moltaí: chun Gníomhaireacht Coiriúil Corparáideach il-ghníomhaireachta a bhunú ar bhonn reachtúil; ba chóir go mbeidh an cumhacht ag rialtóirí ceaduithe airgeadais a chur i bhfeidhm agus comhaontuithe forfheidhmithe rialála a dhéanamh, lena n-áirítear scéimeanna cúitithe tomhaltóirí; ag soiléiriú na imthosca ina mbeadh comhlacht corparáideach faoi dlíteanas i ngeall ar fhabhtuithe córasacha ag a fheidhmeannaigh sinsearach; agus, chun dul i ngleic le rioscaí millteanacha, gur chóir leasuithe a thabhairt ar choireanna calaoise reatha ionas go mbeadh iompar místuama coinsiasach daoine (suibiachtúil) ina chalaois faoi réir, mar shampla, coir cuntasaíochta bréagaí in *Acht Ceartais Coiriúil (Coireanna Gadaíochta agus Calaoise) 2001*.

D'fhoilsigh an Coimisiún freisin, le tacaíocht agus cúnaimh na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil, dréacht ar Fhardal Comhaontuithe Idirnáisiúnta sínithe ag an Stát. Is fardal bunaithe ar shuibhacht é seo a chomhdhéanann 1,400 iontráil eagraithe faoi 38 ceannlítir ábhair, agus is é ceann de dhá thoradh an tionscnaimh sa Cheathrú Chlár a bhaineann le cur i bhfeidhm dlí idirnáisiúnta in Éirinn.

D'fhoilsigh an Coimisiún freisin in 2018 dhá Pháipéar Buncheisteanna a d'eascraigh ó thagairtí ón Ard-Aighne faoi réir an *Achta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975, a bhaineann*, faoi seach, le pribhléid do thuarascálacha na cúirte faoi réir an *Achta Clúmhille 2009* agus eolas nó creideamh a bhaineann le comhthoil i ndlí éignithe.

Leanann obair an Choimisiúin maidir le Rochtain ar Reachtaíocht ag fás agus ag tabhairt seirbhísí atá go mór de dhíth don phobal dlíthiúil agus ginearálta, go háirithe ag tabhairt rochtana ar os cionn 360 Achtanna Athbhreithnithe, arbh iad sin comhdhlúthaithe riaracháin na nAchtanna de réir leasaithe.

Ba mhaith liom ómós a dhéanamh do mo réamhtheachtaí, An Breitheamh Onórach John Quirke, a bhí ina Uachtarán ar feadh tréimhse 6 bhliana ó 2012 go 2018. Le linn an

tréimhse sin, thug an Breitheamh Onórach Quirke

mairseacht, lena chomhoibrithe Coimisinéirí, ní hamháin ar chríochnú na dtionscnamh fágtha sa Tríú Chlár Athchóirithe Dlí an Choimisiúin, ach freisin críochnú méid suntasach dóibh ina Cheathrú Chláir Athchóirithe Dlí. Chomh maith leis, thiomnaigh sé lena chomhoibrithe freisin ábhair dréachta an Chúigiú Chláir. Le linn a thréimhse mar Uachtarán, is eol dom gur imir sé ról gníomhach in ullmhúchán agus críochnú go leor Páipéid Buncheisteanna agus Tuarascálacha a d'fhoilsigh an Coimisiún idir 2012 agus 2018. Is dócha gur saothar in aisce é tagairt d'aon tionscnaimh ar leith, ach ba chóir dom a lua go bhfuil buntáiste áirithe ag a thaithí fadtréimhseach, mar chleachtóir agus breitheamh, i gceangal le tuarascálacha mionsonraithe an Choimisiúin ar phianbhreith shainordaitheach (2013), conarthaí árachais an tomhaltóra (2015), dlí fianaise (2016) agus cumhachtaí rialála is coireanna corparáideacha (2018).

Ba mhaith liom freisin buíochas a léiriú do na Coimisinéirí eile as a gcuid tiomantais, oibre agus tacaíochta le linn 2018. Mar Choimisinéirí, táimid go mór i bhfiacha leis na daoine go léir a fheabhsaíonn agus a thugann cúnamh don Choimisiún chun a fheidhm a chomhlíonadh agus táimid sásta leis an gcomhairle deonach agus tacaíocht a fhaighimid ó go leor daoine aonair agus grúpaí, lena raibh an Coimisiún i gcomhairleoireacht nó a théann i dteagmháil linn as a stuam féin.

Tá an Coimisiún buíoch freisin as an gcomhoibríocht agus cúirtéis a fhaigheann sé ó ranna agus oifigí an Rialtais, agus ó ghníomhaireachtaí an Rialtais agus neamhrialtasacha araon.

**AN Breitheamh Onórach Mary Laffoy,  
Uachtarán an Choimisiúin**

## CAIBIDIL 1 TÚS

### ÁITE

---

#### FORLÉARGAS AR OBAIR AN CHOIMISIÚIN IN 2018

---

Suas go dtí 2018, rinne an Coimisiún go leor dul chun cinn ar gach ceann de na tionscnaimh sa 4ú Chlár Athchóirithe Dlí. As an 11 tionscnamh sa 4ú Chlár, bhí 2 cheann sáraithe ag forbairtí óna raibh an Clár críochnaithe in 2013<sup>4</sup> Chríochnaigh an Coimisiún obair ar an dréacht a chríochnú ar ár 5ú Chlár Athchóirithe Dlí, seolta chuig an Rialtas in 2018 agus faofa go foirmiúil ar an 20ú Márta 2019. Le linn 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún freisin Páipéir Buncheisteanna a bhain le 2 iarratas ón Ard-Aighne.

Is mar a leanas na forbairtí tábhachtacha in 2018.

#### **1. Foilseacháin athchóirithe dlí**

In 2018 d'fhoilsigh an Coimisiún an Tuarascáil, Dréacht ar Fhardal Comhaontuithe Idirnáisiúnta agus 2 Pháipéar Buncheisteanna:

- *Tuarascáil ar Chumhachtaí Rialála agus Coireanna Corparáideacha* (LRC 119-2018). Chríochnaigh an Tuarascáil obair ar an tionscnamh is mó sa Cheathrú Chlár Athchóirithe Dlí. Foilsithe le 2 eagrán, rinne an Tuarascáil os cionn 200 moladh i gcomhair a thuilleadh athchóirithe ar chumhachtaí rialála agus coireanna corparáideacha, lena n-áirítear: Ba chóir gníomhaireacht reachtúil um Choireanna Corparáideach agus aonad tiomnaithe in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a bhunú, le acmhainní cuí; ba chóir go mbeidh an cumhacht ag rialtóirí eacnamaíoch chun smachtbhannaí suntasacha a fhorfheidhmiú agus comhaontuithe forfheidhmithe rialála a dhéanamh, lena n-áirítear scéimeanna cúitithe tomhaltóirí; ní bhainfeadh moltaí ar chumhachtaí rialála amháin le rialachán seirbhísí airgeadais ach freisin leis an gcomhthéacs eacnamaíoch is leithne, amhail dlí iomaíochais, rialachán cumarsáide agus rialachán táirgí sláinte; thabharfadh na moltaí ar choireanna corparáideacha soiléiriú ar imthosca ina féidir dliteanas coiriúil a chur ar chomhlacht corparáideach as fabhtaí córasacha ag feidhmeannaigh sinsearacha; agus chun dul i ngleic le rioscaí glactha go meargánta, ba chóir coireanna calaoise reatha a leasú ionas go mbeadh iompar meargánta ag duine ina chalaouis faoi réir, mar shampla, coir cuntasaíochta bréagaí in *Acht Ceartais Coiriúil (Coireanna Gadaíochta agus Calaoise) 2001*.
- *Dréacht ar Fhardal Comhaontuithe Idirnáisiúnta sínithe ag an Stát* LRC IP 14-2018). Is dréacht ar fhardal seo ar cheann de dhá thoradh an tionscnaimh sa Cheathrú Chlár a bhaineann le cur i bhfeidhm dlí idirnáisiúnta in Éirinn. Comhdhéanann sé dréacht ar Fhardal bunaithe ar shuibíocht a chomhdhéanann 1,400 iontráil eagraithe faoi réir 38 ceannlítr suibíochta. Tháinig an chuid is mó iontrálacha ón Roinn Gnóthaí Seachtracha agus Srath Conarthaí Éireannach Trádála (ITS) le comhaontuithe idirnáisiúnta daingnithe, ach áirítear leis sin freisin comhaontuithe idirnáisiúnta a shínigh an Stát ach gan a bheith daingnithe. Leis sin, rinne Fardal an Choimisiúin iarracht nuair is féidir gach iontráil a nascadh le bearta comhfhreagracha náisiúnta in Achtanna agus, más cuí, Rialacháin reachtúla. Is dréacht é Fardal an Choimisiúin ina bhfuiltear ag obair, agus tá sé á fhoilsiú i suíomh gréasáin an Choimisiúin mar bhunús chun plé poiblí. Beidh sé nuashonraithe agus forlíonta nuair is gá.
- *Páipéar Buncheisteanna ar Fheasacht nó Creideamh Comhthola i nDlí Éignithe* (LRC IP 15-2018). D'eascraigh an Páipéar seo mar fhreagra ar thagairt ón Ard-Aighne faoi réir *Achta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975* chun imscrúdú agus

---

<sup>4</sup> Féach Caibidil 2, fonóta 6, thíos.



moltaí a dhéanamh chun cinntiú ar chor athruithe a dhéanamh don ghné sin le cuid 2 an *Achta Dlí Coiriúil (Éigniú) 1981* a dhéileáilann le feasacht nó creideamh comhthola, maidir le cas dlí ábhartha ar an ábhar, go háirithe ag cinneadh na Cúirte Uachtaraí ar *Na Daoine (DPP) v C. OR* [2016] IESC 64. D'iarr an Páipéar dearcthaí ar go leor ceisteanna a bhaineann le eilimint intinne éignithe, lena n-áirítear nuair is cóir eilimint oibiachtúla nó "creideamh réasúnta" a chur le cur síos éignithe. Faoi réir an rogha athchóirithe sin, ba chóir go mbeadh creideamh cúisí i gcomhthoil macánta (faoi réir an tástála reatha, suibiachtúil go príomha) agus réasúnta araon (ag iompórtáil eiliminte oibiachtúil leis sin) ionas go mbeidh sé éigiontaithe. Bheadh ionchuimsiú eiliminte oibiachtúil dá leithéid i gcur síos éignithe i gcomhréir le sainmhíniú coireanna dáiríre eile i ndlí na hÉireann, amhail dúnorgain agus gníomhaíocht ghnéasach le páiste, chomh maith le sainmhíniú éignithe i dTuaisceart Éireann, Sasana, Breatain Bheag agus Alba, agus dlínsí dlí comónta eile. D'iarr an Coimisiún freisin an bhfuil gnéithe pearsanta an chúisithe, amhail acmhainn cinnteoireachta (intinne), cinntithe de réir dealraimh lena chreideamh go raibh comhthoil réasúnta.

- *Páipéar Buncheisteanna ar Phribhléid Tuarascálacha le Imeachtaí Cúirte faoi réir Achta Clúmhillte 2009* (LRC IP 16-2018). D'eascairigh an Páipéar seo mar fhreagra ar thagairt ón Ard-Aighne faoi réir Achta 1975, sa chás sin ar chóir an *tAcht Clúmhillte 2009* a leasú chun pribhléid cáilithe nua a chur leis do thuarascálacha ar imeachtaí cúirte nach mbeadh cáilithe don pribhléid absalóideach i gcuid 17 an Achta 2009 a cheanglaíonn le tuarascálacha cúirte "cóir agus cruinn". Bhainfeadh pribhléid cáilithe dá leithéid mura mbeadh aon mhailís ina fhoilseachán, mar shampla, nuair a eascraíonn míchruinnis i ngeall ar bhrú chun an t-ábhar a fhoilsiú faoi spriocdháta dian seachas aon intinn mailíseach féin. D'iarr an Páipéir dearcthaí ar go leor ceisteanna a d'eascairigh ón tagairt sin. Foilsíodh Tuarascáil an Choimisiúin ar an tionscnamh seo i mí Iúil 2019.

## **2. Rochtain ar reachtaíocht**

Áirítear le hobair an Choimisiúin maidir le rochtain ar reachtaíocht le linn 2018 a leanas:

- Nuashonruithe d'Eolairí Reachtaíochta, innéacs ar líne ar athruithe reachtacha le Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla, nuashonraithe go fíorúil anois gach seachtain.
- Nuashonruithe ar os cionn 360 Acht Athbhreithnithe, cé acu Achtanna de réir leasaithe a léiríonn athruithe ón achtú, nuashonraithe laistigh dhá mhí.
- Athruithe ar mhodh uaslódála an Liosta Aicmithe Reachtaíochta, a chomhdhéanann os cionn 2,000 Acht atá i bhfeidhm eagraithe faoi réir 36 teideal suibiachta, agus dréacht ar Liosta Aicmithe Reachtaíochta, eagraithe sa chaoi céanna, chun é a ionchuimsiú leis an Eolaire Reachtaíochta nua. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún leagan nua a fhoilsiú den Liosta Aicmithe ullmhaithe sa bhealach sin in 2019.

---

## **FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN**

---

Is comhlacht reachtúil é an Coimisiún bunaithe ag *Acht an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975* a iarrann ón gCoimisiún an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú agus taighde a dhéanamh ar mhaithe le athchóirithe an dlí. Tugtar sainmhíniú ar an athchóiriú Dlí le:

- Forbairt dlí
- A chódú (lena n-áirítear simpliú agus nuachóiriú)
- Athbhreithniú agus comhdhlúthú dlí reachtaigh

Óna bhunaíocht, d'fhoilsigh an Coimisiún os cionn 200 cáipéis (Páipéir Buncheisteanna, Páipéir Comhairleoireachta, Páipéir Oibre agus Tuarascálacha) ina bhfuil tairiscintí ar athchóiriú dlí. Tá liosta iomlán foilseacháin an Choimisiúin ar fáil ag shuíomh gréasáin

An Choimisiún ag [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie) ina bhfuil gach foilseachán ar fáil le íoslódáil saor in aisce.

### **Cláir Athchóirithe Dlí agus Iarratais ón Ard-Aighne**

Tosaíonn obair an Choimisiúin ar athchóiriú dlí ó 2 fhoinsé:

Cláir Athchóirithe Dlí ullmhaithe ag an gCoimisiún agus comhaontaithe ag an Rialtas agus curtha os comhair Thithe an Oireachtais agus Iarratais ón Ard-Aighne maidir le hábhair ar leith.

Óna bhunaíocht in 1975, d'oibrigh an Coimisiún faoi réir 5 Chlár Athchóirithe Dlí. Fuair Clár Athchóirithe Dlí an Choimisiúin faomhadh ón Rialtas ar an 20ú Márta 2019. Pléitear forbairtí le linn 2018 maidir le obair athchóirithe dlí an Choimisiúin go mionsonraithe i gCaibidil 2.

### **Rochtain ar Reachtaíocht**

Baineann obair an Choimisiúin freisin le reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana don phobal. Pléitear forbairtí le linn 2018 in obair ar Rochtain ar an Reachtaíocht i gCaibidil 3.

---

## **RÁITEAS STRAITÉISEACH 2018-2020**

---

Tugann *Ráiteas Straitéiseach 2018-2020* an Choimisiúin, ar fáil ag [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie), creatlach d'obair an Choimisiúin sa tréimhse 3 bhliana clúdaithe. Léiríonn an *Ráiteas Straitéiseach* léargas an Choimisiúin ar cad is gá a dhéanamh chun a dheonachán d'athchóiriú dlí a uasmhéadú agus chun a chinntiú go n-oibríonn an eagraíocht ar éifeachtacht optamach agus baineann sé an úsáid is fearr as acmhainní atá ar fáil. Is mar a leanas *Ráiteas Misin* an Choimisiúin: "An dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus le saineolas, moltaí a dhéanamh dá réir i gcomhair athbhreithnithe an dlí agus chun an dlí reatha a chur ar fáil do gach duine." Cosúil lena réamhtheachtaithe, leagann an *Ráiteas Straitéiseach* amach príomh-thosaíochtaí an Choimisiúin i gcomhair 2018-2020, lena n-áirítear freagrachtaí soiléir agus cuntasachtaí chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach.

### **Príomh-aidhmeanna an Ráitis Straitéisigh**

Aithníonn *Ráiteas Straitéiseach 2018-2020* 3 Aidhm Tábhachtach. Is iad sin:

#### *Aidhm Tábhachtach 1: Athchóiriú Dlí*

*Athbhreithniú a thabhairt ar an ndlí agus taighde a dhéanamh ar mhaithe le dlí na hÉireann a fhorbairt, a shimplíú, a nua-aoisiú agus a chódú.*

#### *Aidhm Tábhachtach 2: Rochtain ar Reachtaíocht*

*Reachtaíocht a dhéanamh ina staid reatha inrochtana go héasca ar líne don phobal, de réir leasaithe seachas achtaithe, agus faisnéis a bhaineann leis a chur ar fáil.*

#### *Aidhm Tábhachtach 3: Riarachán*

*Seirbhísí riaracháin corparáidigh atá éifeachtach, nua-aoiseach agus gairmiúla a sholáthar don Choimisiún chun tacú leis a aidhmeanna a bhaint amach.*

Leanann an Tuarascáil Bliantúil seo seicheamh na Príomh-aidhmeanna sin.

---

## MODHANNA OIBRE AGUS PRÓISEAS COMHAIRLEOIREACHTA

---

Bunaítear obair an Choimisiúin ar thaighde cúramach críochnúil. Tuigeann an Coimisiún go hiomlán an tábhacht le cinntiú go bhfuil tairiscintí chun athchóirithe bunaithe ar chleachta. Le linn ullmhúchán na dtairiscintí, déantar comhairleoireachtaí le páirtithe leasmhara lena n-áirítear cleachtóirí dlí, gairmithe ábhartha eile, comhlachtaí ionadaithe agus NGOs, polaiteoirí agus baill an Rialtais agus Ranna is Oifigí an Rialtais, agus baill an phobail ar mian leo idirghníomhú leis an gCoimisiún. Glactar roghanna agus taithí na dteagmhálacha sin san áireamh i bhfoilseacháin an Choimisiúin.

### **Modheolaíocht**

Chun na aidhmeanna leagtha amach ina gClár Athchóirithe Dlí agus iarratais ón Ard-Aighne, sanntar gach tionscnamh chuig taighdeoirí a oibríonn faoi stiúir ginearálta an Stiúrthóra Taighde agus, ó Mheitheamh 2018, an Leas-Stiúrthóir Taighde. I gcás oibre Rochtana ar Reachtaíocht, oibríonn taighdeoirí faoi stiúir Bainisteora Rochtana ar Reachtaíocht agus Leas-Bhainisteoirí.

Déanann an Coimisiún agus tugann sé athbhreithniú ar an obair sin de réir a Phlean Gnó bliantúil.

**Tá an próiseas comhairleoireachta, lena n-áirítear comhráite comhstádais agus Comhairleoireachta comhdhála** lárnach d'obair an Choimisiúin. Is féidir leis sin go leor modhanna a ghlacadh, mar shampla cruinnithe le saineolaithe nó cleachtóirí a oibríonn in earnáil ar leith, nó ionadaithe grúpaí leasmhara. Ullmhaíonn an Coimisiún freisin agus foilsíonn sé cáipéisí chomhairleoireachta (go leor amanna ó 1975 le tagairt dóibh mar Pháipéir Oibre, Páipéir Comhairleoireachta agus Páipéir Buncheisteanna). Tugann siad sin próiseas struchtúrtha, a ndéantar iarratais i scríbhinn a lorg tríothu ó pháirtithe leasmhara. Glactar na iarratais san áireamh i ndrucht an Tuarascála deiridh ar an ábhar, agus déileáiltear le aon cheisteanna nó buairtí atá acu sa Tuarascáil. Sula ndéantar drucht ar an Tuarascáil, de ghnáth reachtáiltear seiminéar, a dtugann an Coimisiún cuireadh chuige do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear iad sin a sheol iarratais.

In 2018, reachtáil an Coimisiún 4 chomhrá comhstádais le páirtithe leasmhara i gceangal le tionscnaimh an Choimisiúin. Ba iad sin:

- 25ú Aibreán 2018: Pianbhreitheanna ar Fionraí (4ú Chlár, Tionscnamh 5);
- 2ú Bealtaine 2018: Ceannachán Riachtanach Talún (4ú Chlár, Tionscnamh 8);
- 13ú Meitheamh 2018: Pianbhreitheanna ar Fionraí (4ú Chlár, Tionscnamh 5);
- 16ú Dheireadh Fómhair: Feasacht nó Creideamh sa Dlí Éignithe (iarratas an Ard-Aighne)

Tabharfaid siad sin cúnamh suntasach don Choimisiún chun a mholtaí a fhorbairt i gcomhair athchóirithe sna Tuarascálacha a eascróidh as na tionscnaimh sin.

Le linn na bliana, chríochnaigh an Coimisiún sraith 5 chruinniú i ndiaidh a chéile ar fud na tíre ag lorg dearchtaí ar na tionscnaimh ar féidir leo a bheith curtha leis an 5ú Chlár Athchóirithe Dlí, seolta chuig an Rialtas in 2018, agus faofa ina dhiaidh ar an 20ú Márta 2018. Bhí an ceathrú chruinniú i nDún Dealgan IT ar an 10ú Eanáir 2018 agus an cúigiú chruinniú, ceann deiridh, i gColáiste Ollscoile Chorcaigh ar an 31ú Eanáir 2018.

Bhí Comhdháil Bliantúil an Choimisiúin in 2018 ar ábhar na Breaitimeachta agus Athchóirithe Dlí in Éirinn. Thosaigh an comhdháil le Spreagaitheasc ag Ardabhcóid Hogan, Cúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh, ar Thodhchaí

an Dlí Comónta san Aontas Eorpach i ndiaidh na Breaitimeachta. Chomh maith leis, d'éist an comhdháil le cur i láthair ag: Patrick Leonard, SC, Comhairle Bharra na hÉireann; An tOllamh Blanaid Clarke, McCann Fitzgerald Cathaoirleach i nDlí Corparáideach, Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath; An tOllamh Federico Fabbrini, Lán-ollamh Dlí AE, Institiúid Breaitimeachta DCU; Maree Gallagher, Aturnae, Covington and Burling; Ken Murphy, Ard-stiúrthóir, Dlí-Chumann na hÉireann; agus an tOllamh Christopher McCrudden, Ollamh Dlí Chearta Daonna agus Comhionannais, Queen's University Belfast. Tá na óráidí agus cur i láthair ar fad ar fáil i suíomh gréasáin an Choimisiúin.

Áirítear leis an gCoimisiún dréacht ar Bhille i ngach Tuarascáil ina dhéanann sé moltaí ag iarraidh athruithe reachtacha i gcomhréir lena réim reachtúil faoi réir an Achta 1975 chun reachtaíocht a chuimsiú ina mholann sé athchóiriú ar an ndlí.

Téann an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara i gceangal leis an obair ar Rochtain ar Reachtaíocht, lena n-áirítear Oifig an Ard-Aighne, Ranna an Rialtais, an proifisiún dlíthiúil agus an pobal ginearálta. Glacann an Coimisiún ról gníomhach in obair an Ghrúpa e-Reachtaíocht faoi choimirce Ranna an Taoisigh agus forbairt leanúnach Leabhair na Reachtaíochta (eISB).

Chun inrochtaineacht a éascú, tá gach foilseachán athchóirithe dlí an Choimisiúin ar fáil ar líne ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus tá ár n-obair ar Rochtain ar Reachtaíocht ar fáil i suíomh gréasáin eISB.

### **Cumarsáid le Ranna an Rialtais**

Déanann an Coimisiún cumarsáid le Ranna an Rialtais agus tionscnaimh reatha agus don todhcháí araon. Cloíonn an Coimisiún gach bliain leis an Roinn Comhionannais agus Ceartais chun athbhreithniú agus plé a thabhairt ar ábhair spéise choiteann, i ndlí coiriúil agus sibhialta araon.

### **Coiste Comhairleoireachta an Ard-Aighne**

Comhdhéanann Coiste Comhairleoireachta an Ard-Aighne, a thugann cúnaimh i bhforbairt Chláir an Choimisiúin ar Athchóiriú Dlí, ionadaithe Ranna an Rialtais, Comhairle Barra na hÉireann, Dlí-Chumann na hÉireann agus Oifig an Ard-Aighne. Ar an 25ú Iúil 2018, chas an Coimisiún leis an gCoiste chun an 15 tionscnamh ar dhréacht an Chúigiú Chlár Athchóirithe Dlí a d'ullmhaigh an Coimisiún. Phléigh an Coiste Comhairleoireachta go mionsonraithe an 15 tionscnamh ar dhréacht an Chláir agus léirigh sé sásamh leis an réimse ábhair ann. D'éascaigh sé sin go mór an smaointeoireacht ag an Rialtas ar dhréacht an Chláir, agus a fhaomhadh gan leasuithe ar an 20ú Márta 2019.

### **Cruinnithe le Coistí an Oireachtais**

Reachtaíonn an Coimisiún cruinnithe tréimhsiúla le Comh-choiste an Oireachtais ar Cheartas agus Comhionannas chun obair an Choimisiúin a phlé. In 2018, chuir an Rialtas ar aghaidh dréacht ar Chúigiú Chlár an Choimisiúin chuig Coiste an Oireachtais ar Cheartas agus Comhionannas chun a smaointeoireachta; agus in Eanáir 2019 mhol an Coiste ábhair an Chláir dréachtaithe. Ina dhiaidh sin mar a luaitear thuas bhí sé faofa ag an Rialtas gan leasú ar an 20ú Márta 2019. Casann an Coimisiún freisin le Coistí eile an Oireachtais ó am go ham chun tionscnaimh a phlé a thiteann laistigh a réime.

### **Comhdhálacha, cuairteanna agus teagmhálacha sna meáin**

Freastalaíonn Coimisinéirí agus foireann taighde go rialta agus glacann siad páirt i seiminéir agus comhdhálacha poiblí.

Bíonn teagmhálacha le comhlachtaí athchóirithe dlí i ndlínsí eile coinneáilte freisin ag freastal ar sheiminéir ábhartha agus le cuairteanna óstála ó chomhlachtaí athchóirithe dlí eile.

I mBealtaine 2018, chas an Coimisiún le toscaireacht ó Rialtais na Breataine Bige, lena n-áirítear Ard-Chomhairleoir na Breataine Bige, Jeremy Miles AM, chun forbairtí a phlé in inrochtaineacht, comhdhlúthú agus foilseachán reachtaíochta, a bhfuil an Coimisiún ag críochnú tionscnaimh air sin faoi réir an Cheathrú Chláir Athchóirithe Dlí.

I Meitheamh 2018, d'óstáil an Coimisiún an cruinniú bliantúil leis an 4 Choimisiún Dlí, Shasana agus na Breataine Bige, na hAlbain, Gheirsí agus na hÉireann, faoi seach. Ceadaíonn na cruinnithe bliantúla sin malartú dearcthaí ar fhorbairtí in athchóiriú dlí, lena n-áirítear modheolaíocht, chomh maith le naisc tábhachtacha a choinneáil idir na comhlachtaí. Ag cruinniú 2018, bhí an Coimisiún i gceannas ar phlé ar na modheolaíochtaí in úsáid i rogha tionscnaimh athchóirithe dlí.

Go ginearálta, gníomhaíonn Coimisinéirí le ról comhordaithe i dtionscnaimh sonracha agus Stiúrthóir Taighde mar urlabhraithe na meán don Choimisiún.

Tá rogha ócáidí an Choimisiúin ag Aguisín 2, lena n-áirítear seoltaí foilseacháin, seiminéir agus cruinnithe á n-óstáil ag an gCoimisiún agus seiminéir ina d'fhreastail an fhoireann in 2018.

## CAIBIDIL 2

### ATHCHÓIRIÚ DLÍ: OBAIR AR AN gCEATHRÚ CHLÁR AGUS IARRATAIS; AGUS CUR I bhFEIDHM REACHTAÍOCHTA

---

#### FORLÉARGAS

---

#### **(1) Foilseacháin athchóirithe dlí in 2018 agus forbairt ar an 5ú Chlár**

Suas go dtí 2018, rinne an Coimisiún go leor dul chun cinn ar gach ceann de na tionscnaimh sa 4ú Chlár Athchóirithe Dlí; agus ar thionscnaimh a eascraíonn ó iarratais an Ard-Aighne. As an 11 tionscnamh sa 4ú Chlár, bhí 2 cheann sáraithe ag forbairtí ónar chríochnaíodh an Clár in 2013.<sup>5</sup> Le linn 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún freisin dhá Pháipéar Buncheisteanna maidir le 2 iarratas ón Ard-Aighne.

Chríochnaigh an Coimisiún obair freisin ar fhorbairt ár 5ú Chlár Athchóirithe Dlí, lena n-áirítear srath cruinnithe comhairleoireachta a chríochnú ar fud na tíre ag lorg dearthaí ar na tionscnaimh ar féidir a bheith curtha leis an gClár. Sheol an Coimisiún dréacht an Chláir chuig an Rialtas in 2018, agus tugadh faomhadh foirmiúil dó ar an 20ú Márta 2019.

In 2018 d'fhoilsigh an Coimisiún an Tuarascáil, Dréacht ar Fhardal Comhaontuithe Idirnáisiúnta agus 2 Pháipéar Buncheisteanna:

- *Tuarascáil ar Chumhachtaí Rialála agus Coireanna Corparáideacha* (LRC 119-2018). Chríochnaigh an Tuarascáil obair ar an tionscnamh is mó sa Cheathrú Chlár Athchóirithe Dlí. Foilsithe le 2 eagrán, déanann an Tuarascáil os cionn 200 moladh i gcomhair a thuilleadh athchóirithe ar chumhachtaí rialála agus coireanna corparáideacha, lena n-áirítear: Ba chóir gníomhaireacht reachtúil um Choireanna Corparáideach agus aonad tiomnaithe in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a bhunú, le acmhainní cuí; ba chóir go mbeidh an cumhacht ag rialtóirí eacnamaíoch chun smachtbhannaí suntasacha a fhorfheidhmiú agus comhaontuithe forfheidhmithe rialála a dhéanamh, lena n-áirítear scéimeanna cúitithe tomhaltóirí; ní bhainfeadh moltaí ar chumhachtaí rialála amháin le rialachán seirbhísí airgeadais ach freisin leis an gcomhthéacs eacnamaíoch is leithne, amhail dlí iomaíochais, rialachán cumarsáide agus rialachán táirgí sláinte; thabharfadh na moltaí ar choireanna corparáideacha soiléiriú ar imthosca ina féidir dliteanas coiriúil a chur ar chomhlacht corparáideach as fabhtaí córasacha ag feidhmeannaigh sinsearach; agus chun dul i ngleic le rioscaí glactha go meargánta, ba chóir coireanna calaoise reatha a leasú ionas go mbeadh iompar meargánta ag duine ina chalaois faoi réir, mar shampla, coir cuntasaíochta bréagaí in *Acht Ceartais Coiriúil (Coireanna Gadaíochta agus Calaoise) 2001*.
- *Dréacht ar Fhardal Comhaontuithe Idirnáisiúnta sínithe ag an Stát* LRC IP 14-2018). Is dréacht ar fhardal seo ar cheann de dhá thoradh an tionscnaimh sa Cheathrú Chlár a bhaineann le cur i bhfeidhm dlí idirnáisiúnta in Éirinn. Comhdhéanann sé dréacht ar Fhardal bunaithe ar shuibhacht a chomhdhéanann 1,400 iontráil eagraithe faoi réir 38 ceannlítr suibhachta. Tháinig an chuid is mó iontrálacha ón Roinn Gnóthaí Seachtracha agus Srath Conarthaí Éireannach Trádála (ITS) le comhaontuithe idirnáisiúnta daingnithe, ach áirítear leis sin freisin comhaontuithe idirnáisiúnta a shínigh an Stát ach gan a bheith daingnithe. Leis sin, rinne Fardal an Choimisiúin iarracht nuair is féidir gach iontráil a nascadh le bearta comhfhreagracha náisiúnta in Achtanna agus, más cuí, Rialacháin reachtúla. Is dréacht é Fardal an Choimisiúin

---

<sup>5</sup> Féach fonóta 6 thíos.

ina bhfuiltear ag obair, agus tá sé á fhoilsiú i suíomh gréasáin an Choimisiúin mar bhunús chun plé poiblí. Beidh sé nuashonraithe agus forlonta nuair is gá.

- *Páipéar Buncheisteanna ar Fheasacht nó Creideamh maidir le Comhthoil i nDlí Éignithe* (LRC IP 15-2018). D'eascraigh an Páipéar sin mar fhreagra ar thagairt ón Ard-Aighne faoi réir *Achta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975* chun imscrúdú agus moltaí a dhéanamh, ar chóir athruithe a dhéanamh ar ghné chuid 2 *Achta Dlí Coiriúil (Éigniú) 1981* a dhéileáil le feasacht nó creideamh comhthola, maidir le cás-dlí ábhartha ar an ábhar, go háirithe cinneadh na Cúirte Uachtaraí in *Na Daoine (DPP) v C. OR*.<sup>6</sup> Rinne an Páipéar dearcthaí a lorg ar go leor ceisteanna a bhaineann le eilimint intinne éignithe, lena n-áirítear ar chóir oibiacht nó “creideamh réasúnta” a chur leis an sainmhíniú ar éigniú. Faoi réir an rogha athchóirithe sin, ba chóir go mbeadh creideamh cúisí i gcomhthoil macánta (faoi réir an tástála reatha, suibiachtúil go príomha) agus réasúnta araon (ag iompórtáil eiliminte oibiachtúil leis sin) ionas go mbeidh sé éigiontair. Bheadh ionchuimsiú eiliminte oibiachtúil dá leithéid i gcur síos éignithe i gcomhréir le sainmhíniú coireanna dáiríre eile i ndlí na hÉireann, amhail dúnorgain agus gníomhaíocht ghnéasach le páiste, chomh maith le sainmhíniú éignithe i dTuaisceart Éireann, Sasana, Breatain Bheag agus Alba, agus dlínsí dlí comónta eile. D'iarr an Coimisiún freisin an bhfuil gnéithe pearsanta an chúisithe, amhail acmhainn cinnteoireachta (intinne), cinntithe de réir dealraimh lena chreideamh go raibh comhthoil réasúnta.
- *Páipéar Buncheisteanna ar Phribhléid Tuarascálacha le Imeachtaí Cúirte faoi réir Achta Clúmhillte 2009* (LRC IP 16-2018). D'eascraigh an Páipéar seo mar fhreagra ar thagairt ón Ard-Aighne faoi réir Achta 1975, sa chás sin ar chóir an *tAcht Clúmhillte 2009* a leasú chun pribhléid cáilithe nua a chur leis do thuarascálacha ar imeachtaí cúirte nach mbeadh cáilithe don phribhléid absalóideach i gcuid 17 an Achta 2009 a cheanglaíonn le tuarascálacha cúirte “cóir agus cruinn”. Bhainfeadh pribhléid cáilithe dá leithéid mura mbeadh aon mhailís ina fhoilseachán, mar shampla, nuair a eascraíonn míchruinnis i ngeall ar bhrú chun an t-ábhar a fhoilsiú faoi spriocdháta dian seachas aon intinn mailíseach féin. D'iarr an Páipéir dearcthaí ar go leor ceisteanna a d'eascraigh ón tagairt sin. D'fhoilsigh an Coimisiún a Thuarascáil air sin in Iúil 2019.

## **(2) Cur i bhfeidhm tuarascálacha an Choimisiúin in 2018**

Cuirtear an chuid is mó Tuarascálacha an Choimisiúin i bhfeidhm trí reachtaíocht curtha chun cinn ag an Rialtas. Ó am go ham, bíonn Billí an Bhaill Príobháidigh (PMB) foilsithe ar mhaithe le le dréacht ar Bhillí a chur i bhfeidhm ar Thuarascálacha an Choimisiúin. Nuair a léiríonn an Rialtas gur aidhm leis Bille a fhoilsiú ar an ábhar, ní leanann PMB ar aghaidh de ghnáth tar éis an Dara Staid. Go haitéarnach, ie féidir leis an Rialtas a thacaíocht ghinearálta a léiriú do PMB agus ansin is féidir leis an mBille dul ar aghaidh trí staideanna eile go dtí achtú. Sampla PMB dá leithéid ná *an Bille um Mheabhairshláinte (Leasú) 2017*, a bhí achtaithe mar *Bhille Meabhairshláinte (Leasú) 2018*<sup>7</sup>

Leis sin, bhain an reachtaíocht a leanas, eachtair nó faoi smaointeoireacht in 2018, le cur i bhfeidhm nó moltaí déanta i dTuarascálacha an Choimisiúin: *Bille Dlí Sibhialta (Toimhde Báis) 2016* (PMB faoi thacaíocht an Rialtais, óna achtú mar *Acht Dlí Sibhialta (Toimhde Báis) 2019*); *Bille Meabhairshláinte (Leasú)*

---

<sup>6</sup> [2016] IESC 64.

<sup>7</sup> le blianta beaga anuas, d'eascraigh go leor Billí Bhaill Príobháidigh (PMB) i reachtaíocht achtaithe. Roimh achtú an *Achta Meabhairshláinte (Leasú) 2018* ba iad na PMBs ba dhéanaí a bhain le Tuarascálacha an Choimisiúin a bhí achtaithe ná *Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú Teaghligh 1989 agus Acht Uchtaithe 1991*.

2016n(PMB le tacaíocht an Rialtais); *Bille um Chiapadh, Cumarsáidí Díobhálacha agus Coireanna Gaolmhara 2017* (PMB le tacaíocht an Rialtais); *Bille Dlíteanais Sibhialta (Leasaithe)* (Cosc ar Leasanna ó Dhúnbhású) 2017 (PMB le tacaíocht an Rialtais); *Bille Conarthaí Árachais an Tomhaltóra 2017* (PMB le tacaíocht an Rialtais); *Acht Foréigin sa Bhaile 2018*; agus *Acht Meabhairshláinte (Leasú) 2018* (a tháinig, de réir luaite, ar dtús mar PMB).

D'fhoilsigh an Rialtas freisin go leor Scéimeanna Billí (nó Cinn Billí) a bhain le moltaí an Choimisiúin. Áirítear leo sin: Scéim *Bhille Ceartais Coiriúla (Smachtbhannaí Pobail)*, Scéim *Bhille Tiarna Talún agus Tionónta*, Scéim *Bhille Nós Imeachta Coiriúil*, agus Scéim *Bhille Dlí Cúirteanna agus Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha)*.

Áirítear le suíomh gréasáin [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie) an Choimisiúin Tábla Chur i bhFeidhm le forléargas ginearálta ar chur i bhfeidhm Tuarascálacha an Choimisiúin, nuashonraithe ar bhonn rialta.

---

## ATHBHREITHNIÚ MIONSONRAITHE AR OBAIR AGUS CUR I bhFEIDHM AN CHOIMISIÚIN IN 2018

---

Pléitear an t-ábhar sa chuid seo den chaibidil faoi réir an 7 gceannlítir ginearálta a leanas:

1. Cúirteanna, Dlí Poiblí agus Forfheidhmiú Rialála (pp. 15-18).
2. Dlí agus Nós Imeachta Coiriúil (pp. 18-19).
3. Dlí Sibhialta agus Tráchtála (p.19).
4. Dlí Talún, Comharbas agus Trustaí (pp. 19-20).
5. Dlí Teaghlaigh (p.20).
6. Seirbhísí Sláinte (p.20)
7. Dlí Idirnáisiúnta (p.20).

### 1. CÚIRTEANNA, DLÍ POIBLÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ RIALÁLA 1.

#### (A) Cumhachtaí Rialála agus Coireanna Corparáideacha

In 2018 d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Chumhachtaí Rialála agus Coireanna Corparáideacha (LRC 119-2018)* (4ú Chlár Athchóirithe Dlí, Tionscnamh 1), a tháinig i ndiaidh a *Pháipéar Buncheisteanna ar Fhorfheidhmiú Rialála agus Coireanna Corparáideacha (LRC IP 8-2016)*. Chríochnaigh an Tuarascáil obair ar an tionscnamh is mó sa Cheathrú Chlár Athchóirithe Dlí. Foilsithe le 2 eagrán, rinne an Tuarascáil os cionn 200 moladh i gcomhair a thuilleadh athchóirithe ar chumhachtaí rialála agus coireanna corparáideacha.

*D'eascraigh athchóirithe tábhachtacha ón ngéarchéim baincéireachta, agus spreag an dlí reatha ciontuithe suntasacha.*

I ngeall ar ghéarchéim baincéireachta agus airgeadais a tháinig chun cinn in 2008, bhí gá ann d'athchóirithe dlíthiúla bunúsacha áirithe. Go háirithe, léirigh sé an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil cumhachtaí stuama cuimsitheach go leor ag rialtóirí eacnamaíoch chun a gcuid feidhmeanna a scaoileadh go héifeachtach. Léirigh sé freisin an gá chun a chinntiú go léiríonn an dlí a bhaineann le dlíteanas coiriúil corparáideach an réaltacht i gcinnteoireacht corparáideach sa lá atá inniu ann; agus gur chóir don chorp dlí sin freagairt mar is cuí don chur síos a thug iar-Rialtóir an Bhainc Cheannais, Patrick Honohan, curtha síos in 2015 mar “ag glacadh rioscaí go meargánta millteanach.”

Aithníonn an Tuarascáil seo go ndearnadh athruithe polasaí agus reachtaíochta



suntasacha ag leibhéal náisiúnta agus an AE mar fhreagra ar an ngéarchéim baincéireachta. Léiríonn an

Tuarascáil freisin gur eascraigh ár ndlí reatha i go leor ciontuithe suntasacha a bhain le gníomhartha feidhmeannaigh sinsearaigh baincéireachta a d'eascraigh sa ghéarchéim baincéireachta.

#### *Gníomhaireacht Coireanna Corparáideacha agus Aonad tiomnaithe in Oifig DPP*

Molann an Tuarascáil an cinneadh seo, i bpáipéar an Rialtais 2017 *Bearta chun Feabhas a chur ar Chreatlach Corparáideach, Eacnamaíoch agus Rialála na hÉireann*, chun tascfhórsa il-ghníomhaireachta a bhunú ar bhonn píolóta chun dul i ngleic le coireanna corparáideacha. Molann Tuarascáil an Choimisiúin gur chóir Gníomhaireacht Coiriúil Corparáideach le cumhacht chun imscrúdú a thabhairt ar choireanna corparáideacha a bhunú ar bhonn reachtúil, agus go mbeadh sé ina ghníomhaireacht ildisciplíneach cosúil le Biúró Sócmhainní Coiriúla. Molann an Tuarascáil freisin gur chóir go mbeadh Aonad tiomnaithe in Oifig an Stiúrthóra Ionchúisimh Poiblí, a mbeadh i mbun idirbheartaíochta leis an nGníomhaireacht Coireanna Corparáideacha molta. Molann an Tuarascáil gur chóir go mbeadh acmhainní cuí ag an nGníomhaireacht agus an tAonad araon, ach gur ábhair don Rialtas agus an Oireachtas na mionsonraithe leis sin.

#### *Príomh-chumhachtaí Rialála*

Molann an Tuarascáil, le bheith éifeachtach go hiomlán, gur chóir go mbeadh “príomh-sraith stráitéisí rialála” ag Rialtóirí airgeadais agus eacnamaíoch. Ba chóir go n-áireofar leis an tacar cumhachtaí:

- (a) An cumhacht chun smachtbhannaí Airgeadais Riaracháin (faoi réir maoirseachta na cúirte, chun comhréireacht a chinntiú le riachtanais bunreachtúla), cosúil le cumhacht reatha an Bhainc Ceannais, le smachtbhanna uasmhéid do chomhlachtaí €10 milliún agus/nó 10% láimhdeachais, agus smachtbhanna uasmhéid do dhaoine aonair €1 milliún; agus
- (b) An cumhacht chun Comhaontuithe Comhréireachta Rialála a shíniú (socrúchain rialála), ar chóir a chur san áireamh leo smachtbhannaí, scéimeanna cúitithe tomhaltóra, agus comhaontú chun polasaithe comhréireachta a chur i bhfeidhm;

Nóta: tá an dá chumhacht sin ag an mBainc Ceannais (agus d’úsáid sé iad, mar shampla, sa chás rianaithe morgáiste), ach níl ag rialtóirí eile amhail an Coimisiún um Iomaíochas agus Cosaint Tomhaltóirí.

#### *Athchóirithe chun dul i ngleic le rioscaí meargánta*

In 2015, d’úsáid iar-Rialtóir an Bhainc Ceannais, Patrick Honohan, an abairt “rioscaí a ghlacadh go meargánta millteanach” chun cur síos a thabhairt ar an iompar as cuimse a spreag, go páirteach, an géarchéim airgeadais agus eacnamaíoch a d’eascraigh in 2008. Luann an Coimisiún go raibh coireanna calaoise reatha, lena n-áirítear iad in *Acht Ceartais Coiriúla (Coireanna Gadaíochta agus Calaoise) 2001*, in úsáid in ionchúisimh agus ciontuithe feidhmeannaigh sinsearaigh bainc a ndéileáil leo i gcúirteanna idir 2014 agus 2018. Molann an Tuarascáil, chun dul i ngleic le rioscaí a ghlacadh go meargánta millteanach, gur chóir leasú a thabhairt ar an Acht 2001 chun tagairt a chur leis d’iompar meargánta. Ciallaíonn sin, mar shampla, go dtarlódh an cion cuntasaíochta bréagaí in Acht 2001 ní hamháin nuair a bhí na cuntais cumtha le chéile “go feasach d’aon turas” (an dlí reatha) ach freisin cén áit a rinneadh sin le iompar meargánta suibiachtúil, is é sin, nuair a thug an cosantóir neamhaird ar an riosca go coinsiasach agus bheadh an t-íospartach meallta. I ngeall ar na moltaí sin maidir le Acht 2001, molann an Tuarascáil in aghaidh achtaithe coir “trádála meargánta” ar an mbunús go mbeadh riosca ann go mbeadh éifeacht scanrúil ar ghlacadh rioscaí ar bhonn dlísteanach fiontraíochta.

#### *Comhaontuithe Ionchúisimh Iarchurtha (DPA)*

Ní mór go mbeadh DPA, a bhaineann le suibiacht ionchúisimh corparáidigh a chur ar fionraí do chomhlacht a chomhlíonann coinníollacha diana, a chur leis ar bhonn reachtúil, a mholann an Tuarascáil, faoi riail an DPP. Molann an Tuarascáil freisin gur chóir go

mbeadh an córas DPA bunaithe ar chóras DPA UK seolta in 2013, a iarrann faomhadh na cúirte d'aon DPA molta. Diúltaíonn Tuarascáil an Choimisiúin an córas US DPA ar na cúiseanna a leanas: níl aon bhunús reachtúil ann, cuirtear é ar fáil ag lánrogha an ionchúisitheora ábharthaigh, agus ní theastaíonn faomhadh na cúirte uaidh.

*Cosaint dícheall cuí do bhainisteoirí comhlachtaí corparáidigh agus sinsearaigh*  
Molann an Tuarascáil, don chuid is mó coireanna de chineál rialála, gur chóir don chomhlacht corparáideach agus a bhainisteoirí sinsearach a chiontú amháin mura raibh “dícheall cuí” acu, is é sin, níor shocraigh siad polasaithe agus nósanna imeachta cuí chun bainistíochta ar rioscaí. Tá sin deartha chun comhlachtaí a spreagadh chun polasaithe seachanta rioscaí cuí agus nósanna imeachta, agus tá sé i gcomhréir le Cóid Rialachais Corparáideacha ó rialtóirí, agus an cur chuige i *dTuarascáil Iompair agus Cultúir* foilsithe le déanaí ag an mBanc Ceannais in Iúil 2018.

#### *Éifeacht dhlíthiúil ag comhairle dlíthiúil agus comhairle rialála*

Molann an Tuarascáil, go ginearálta, nuair a fhaigheann comhlacht corparáideach, sula nglacann sé gníomh áirithe, comhairle dlíthiúil go gcloíonn an gníomh leis an ndlí, níor chóir go mbeadh sé sin féin ina chosaint in aghaidh ionchúisimh coiriúla mar thoradh air, ach gur féidir é a ghlacadh san áireamh mar fhachtóir maolaitheach i gciontú. Molann an Tuarascáil sin freisin, nuair a léiríonn rialtóir go soiléir go gcomhlíonann gníomh molta leis an ndlí ábhartha, gur chóir go mbeadh an éifeacht costha aige sin le cosc a chur ar ionchúiseamh nó gníomhú mar chosc, ach gur chóir don chur chuige sin a chur i bhfeidhm amháin ar shocrú cás ar chás, amhail dlí iomaíochais, ach amháin nuair is cosúil go bhfuil an comhairle rialála údarásach réasúnta. Ní bhainfeadh na moltaí le haon athruithe ar conas a chuirtear an dlí i bhfeidhm faoi láthair ar na pointí sin.

#### *Oifig Treoraíochta Rialála*

Molann an Tuarascáil gur chóir go mbeadh Oifig Treoraíochta Rialála bunaithe, le ballraíocht tharraingte ó Ranna an Rialtais agus Rialtóirí, chun treoraíocht agus faisnéis a thabhairt ar ábhair rialála, lena n-áirítear dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta i rialachán eacnamaíoch, ábhar na Measúnaithe ar Thionchar Rialála (nó cáipéisí cosúla) agus ceachtanna foghlamtha ón gcás dlí ábhartha. Bheadh feidhmeanna na hOifige Treoraíochta Rialála cosúil leis an Aonad Rialála Níos Fearr (BRU) in Oifig an Taoisigh.

*Ní mór go bhfanfaidh díotáil don chuid is mó coireanna corparáideacha i gCúirt Chuarda Coiriúil* molann an Tuarascáil an córas reatha a choinneáil ina ndéileáiltear leis an gcuid is mó trialacha ar chiontú i gCúirt Chuarda Coiriúil (déileáiltear le coireanna iomaíochais i gCúirt Coiriúil Lárnach/Ard-Chúirt). Léiríonn an Tuarascáil gur taithí le déanaí é go raibh an Cúirt Chuarda Coiriúil lán-ábailta déileáil le trialacha coiriúla corparáideacha casta.

#### *Áirítear le Tuarascáil 4 Scéim Bhille*

Áirítear leis an Tuarascáil 4 Scéim Bhille chun moltaí a chur i bhfeidhm: *Bille Scéime Gníomhaireachta Choir Corparáidigh; Bille Scéime Cumhachtaí Rialála; Bille Scéime Dlíteanais Coiriúla Corparáidigh; agus Bille Scéime Ceartais Coiriúla (Coireanna Gadaíochta agus Calaoise) (Leasú).*

### **1.(B) Comhdhlúthú agus Códú an Dlí**

In 2018, lean an Coimisiún i bhforbairt Tuarascála chun leanúint óna *Pháipéar Buncheisteanna ar Inrochtaineacht, Comhdhlúthú agus Foilseachán Ar Line an Rialacháin* (LRC IP 11-2016) (4ú Chlár Athchóirithe Dlí, Tionscnamh 11). Is aidhm leis an gCoimisiún, a thuilleadh comhairleoireachta a fháil ar an tionscnamh réimse leathan seo, chun a Thuarascálacha a fhoilsiú air sin ar an gcéad chuid de 2020.

### **1.(C) Seirbhís Ghiúiré**

In Aibreán 2018, bhunaigh an Roinn Ceartais agus Comhionannais Grúpa Obire ar Ghiúiré, ar mhaithe le reachtaíocht a ullmhú chun Tuarascáil an Choimisiúin

Ar *Sheirbhís Giúiré* (LRC 107-2013) (3ú Chlár Athchóirithe an Dlí, Tionscnamh 1) a chur i bhfeidhm, ina raibh moltaí ar réimse leathan chun athchóirithe an dlí ar an seirbhís giúiré, leagtha amach faoi láthair in *Acht Giúiré 1976*. Bhí moladh sa Tuarascáil ar ghiúróirí breise i dtrialacha mall curtha i bhfeidhm trí leasú don *Acht Giúiré 1976 ag Acht na gCúirteanna agus Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013*.

## 2. DLÍ AGUS NÓS IMEACHTA CÓIRIÚIL

### 2.(A) Cumarsáidí Díobhálacha agus Sábháilteacht Dhigiteach

Is Bille Bhaill Príobháidigh é an *Bille um Chiapadh, Cumarsáidí Díobhálacha agus Coireanna Gaolmhara 2017* a tháinig ó na tairiscintí dlí coiriúil i dTuarascáil ar *Chumarsáidí Díobhálacha agus Sábháilteacht Dhigiteach* (LRC 116-2016) (4ú Chlár Athchóirithe an Dlí, Tionscnamh 6). Le linn díospóireacht Dara Staid Dáil Éireann ar an mBille ar an 31ú Eanáir 2018, léirigh an Rialtas a intinn chun tacú leis an mBille, agus i ndiaidh dul tríd an Dara Staid, bhí sé tagartha chun smaointeoireachta an Roghchoiste. Ar an 1ú Bealtaine 2019, thug an Rialtas faomhadh leasuithe don Bille. In 2018, d'fhógair an Rialtas freisin go mbeadh sé ag glacadh páirt i gcomhairleoireacht phoiblí (lena n-áirítear fóram poiblí ar an 8ú Márta 2018) ar bhunaíocht an Choimisinéir Sábháilteachta Ar Líne, a mhol Tuarascáil an Choimisinéara freisin. I Márta 2018, d'fhoilsigh an Rialtas cáipéis chomhairleoireachta poiblí a leag amach tairiscintí ar rialachán inneachair díobhálaigh ar líne chun Bille Sábháilteachta Ar Líne a fhoilsiú.

### 2.(b) Pianbhreithe ar Fionraí

In 2018, lean an Coimisiún i bhforbairt Tuarascála chun leanúint óna *Pháipéar Buncheisteanna ar Phianbhreithe ar Fionraí* (LRC IP 12-2017) (4ú Chlár Athchóirithe Dlí, Tionscnamh 5).

### 2.(c) Coireanna Gnéasacha: comhthoil agus creideamh macánta

In 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Buncheisteanna ar Fheasacht nó Creideamh Comhthola i nDlí Éignithe* (LRC IP 15-2018). Eascraíonn an Páipéar seo freisin mar fhreagra ar thagairt ón Ard-Aighne déanta i gcomhréir le cuid 4(2)(c) an *Achta an Choimisiúin Athchóirithe Dlí 1975* chun breathnú ar agus moltaí a thabhairt ar chóir athruithe a dhéanamh don ghné sin chuid 2 *Achta Dlí Cóiriúil (Éigniú) 1981* ag déileáil le feasacht nó creideamh i gcomhthoil. Bhí iarracht an Ard-Aighne déanta le linn díospóireachtaí an Oireachtais ar *Acht Dlí Coiriúil (Coireanna Gnéasacha) 2017* agus cinneadh na Cúirte Uachtaraí in *Na Daoine (DPP) v C.OR.*<sup>8</sup> Is aidhm leis an bPáipéar dearchtaí a lorg ar go leor ceisteanna a bhaineann le heilimint éignithe, lena n-áirítear ar chóir eilimint oibiachtúil “creidimh réasúnta” a chur le cur síos éignithe. Faoi réir an rogha athchóirithe sin, ba chóir go mbeadh creideamh cúisí i gcomhthoil macánta (faoi réir an tástála reatha, suibiachtúil go príomha) agus réasúnta araon (ag iompórtáil eiliminte oibiachtúil leis sin) ionas go mbeidh sé éigiontaithe. Bheadh ionchuimsiú eiliminte oibiachtúil dá leithéid i gcur síos éignithe i gcomhréir le sainmhíniú coireanna dáiríre eile i ndlí na hÉireann, amhail dúnorgain agus gníomhaíocht ghnéasach le páiste, chomh maith le sainmhíniú éignithe i dTuaisceart Éireann, Sasana, Breatain Bheag agus Alba, agus dlínsí dlí comónta eile. Iarrann an Coimisiún freisin an bhfuil gnéithe pearsanta an chúisithe, amhail acmhainn cinnteoireachta (intinne), cinntithe de réir dealraimh lena chreideamh go raibh

---

<sup>8</sup> [2016] IESC 64.

comhthoil réasúnta. Tá ar intinn ag an gCoimisiún a Thuarascáil a fhoilsiú ar an tionscnamh roimh dheireadh 2019.

### **3. DLÍ SIBHIALTA AGUS TRÁCHTÁLA 3.(a) Clúmhillte agus tuairisciú cúirte**

